V

(Fógairtí)

NÓSANNA IMEACHTA A BHAINEANN LEIS AN gCOMHBHEARTAS tALMHAÍOCHTA A CHUR CHUN FEIDHME

AN COIMISIÚN EORPACH

Fógra maidir le tionscnamh athbhreithniú eatramhach páirteach ar na bearta frithdhumpála is infheidhme i dtaca le hallmhairí de ghlútamáit mhonasóidiam de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne

(2022/C 35/03)

De bhun Airteagal 11(3) de Rialachán (AE) 2016/1036 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 8 Meitheamh 2016 maidir le cosaint i gcoinne allmhairí dumpáilte ó thíortha nach baill den Aontas Eorpach iad ([1]) ("an bun-Rialachán"), tá cinneadh déanta ag an gCoimisiún Eorpach ("an Coimisiún") ar a thionscnamh féin tús a chur le hathbhreithniú eatramhach páirteach ar na bearta frithdhumpála is infheidhme i dtaca le hallmhairí de ghlútamáit mhonasóidiam de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne. Tá an t-athbhreithniú eatramhach páirteach teoranta ó thaobh raon feidhme de ionas gurb éard atá i gceist imscrúdú ar dhumpáil a mhéid a bhaineann le dhá tháirgeoir onnmhairiúcháin Shíneacha de chuid ghrúpa Meihua, eadhon Tongliao Meihua Bio-Tech Co., Ltd agus Hebei Meihua MSG Group Co, Ltd (cód breise TARIC A883).

1. An táirge atá faoi athbhreithniú

Is í an ghlútamáit mhonasóidiam an táirge atá faoi réir an athbhreithnithe seo, rud atá faoi chód CN ex 2922 42 00 (cód TARIC 2922 42 00 10) faoi láthair.

2. Bearta atá ann cheana

Is éard atá sna bearta atá ann faoi láthair dleacht frithdhumpála chinntitheach arna forchur le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/633 ([2]) ón gCoimisiún ("na bearta atá ann cheana") agus arna leathnú le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1427 ([3]) ionas go gcumhdaítear allmhairí de MSG i meascán nó i dtuaslagán ina bhfuil 50 % nó níos mó de MSG de réir meáchan tirim, allmhairí ar de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne iad.

3. Foras an athbhreithnithe

Tá fianaise leordhóthanach ann gur tháinig athruithe ar na himthosca ba bhonn d'fhorchur na mbeart atá ann cheana ar dhá chuideachta de chuid Ghrúpa Meihua, eadhon Tongliao Meihua Bio-Tech Co., Ltd agus Hebei Meihua MSG Group Co, Ltd, agus gur de chineál buan iad na hathruithe sin.

In Eanáir 2019, d'athraigh Tongliao Meihua Bio-Tech Co., Ltd a ainm go Tongliao Meihua Biological Sci-Tech Co. Ltd., agus d'iarr sé go léireofaí an t-athrú seo i gcur i bhfeidhm na mbeart atá ann cheana. Mar sin féin, léirítear le doiciméadacht tacaíochta go bhfuil atheagrú tábhachtach déanta ar Ghrúpa Meihua. I bhfianaise na n-athruithe suntasacha, athruithe a tháinig chun solais i gcomhthéacs na hiarrata ar athrú ainm, meastar go bhféadfadh nach mbeadh an corrlach dumpála arna bhunú maidir leis na heintitis bhunaidh ábhartha a thuilleadh maidir le táirgeoirí onnmhairiúcháin Ghrúpa Meihua.

([1]) IO L 176, 30.6.2016, lch. 21.

([2]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/633 ón gCoimisiún an 14 Aibreán 2021 lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála chinntitheach ar allmhairí de ghlútamáit mhonasóidiam ar de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne agus na hIndinéise iad tar éis athbhreithniú éaga a dhéanamh de bhun Airteagal 11(2) de Rialachán (AE) 2016/1036 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 132, 19.4.2021, lch. 63).

([3]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1427 ón gCoimisiún an 12 Deireadh Fómhair 2020 lena leathnaítear an dleacht frithdhumpála chinntitheach a forchuireadh le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/83 ar allmhairí de ghlútamáit mhonasóidiam ar de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne iad chun allmhairí de ghlútamáit mhonasóidiam i meascán nó i dtuaslagán ar de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne iad a chumhdach (IO L. 336, 13 Deireadh Fómhair 2020, lch. 1).

Measann an Coimisiún nach iomchuí praghsanna agus costais intíre i nDaon-Phoblacht na Síne a úsáid , i ngeall gur ann do shaobhadh suntasach de réir bhrí phointe (b) d'Airteagal 2(6a) den bhun-Rialachán.

D'fhonn údar a thabhairt leis na líomhaintí sin, cuireann an Coimisiún a mhuinín sna torthaí in aithrisí 46 - 107 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/633 ón gCoimisiún an 14 Aibreán 2021.

I bhfianaise na faisnéise atá ar fáil, measann an Coimisiún go bhfuil fianaise leordhóthanach ann de bhun Airteagal 5(9) den bhun-Rialachán, fianaise a d'fhéadfadh a thaispeáint nach iomchuí na praghsanna agus na costais intíre i nDaon-Phoblacht na Síne a úsáid i ngeall ar shaobhadh suntasach a dhéanann difear do phraghsanna agus do chostais, agus, ó tharla sin amhlaidh, gur gá imscrúdú a thionscnamh ar bhonn Airteagal 2(6a) den bhun-Rialachán.

4. **Nós imeachta**

Agus é cinnte ag an gCoimisiún, tar éis dó na Ballstáit a chur ar an eolas, go bhfuil fianaise leordhóthanach ann chun údar a thabhairt le hathbhreithniú eatramhach páirteach a thionscnamh, athbhreithniú a bheidh teoranta ionas gurb éard a bheidh i gceist leis na bearta frithdhumpála is infheidhme maidir le Tongliao Meihua Bio-Tech Co., Ltd agus Hebei Meihua MSG Group Co, tá sé ag tionscnamh athbhreithniú i gcomhréir le hAirteagal 11(3) den bhun-Rialachán. Is é is cuspóir don athbhreithniú an ráta dumpála do tháirgeoirí onnmhairiúcháin Ghrúpa Meihua a shuí.

Cuireann an Coimisiún ar a súile do na páirtithe freisin gur foilsíodh fógra, i bhfianaise ráig COVID-19, ([4]) faoi iarmhairtí ráig COVID-19 ar imscrúduithe frithdhumpála agus frith-fhóirdheontais a bhféadfadh feidhm a bheith acu maidir leis an imeacht seo.

4.1. ***Tréimhse an imscrúdaithe athbhreithniúcháin***

Cumhdófar leis an imscrúdú ar dhumpáil an tréimhse ón 1 Eanáir 2021 go dtí an 31 Nollaig 2021 ("tréimhse an imscrúdaithe athbhreithniúcháin").

4.2. ***Ceistneoirí***

An fhaisnéis a mheasann an Coimisiún a bheith riachtanach le haghaidh a imscrúdaithe, chun an fhaisnéis sin a fháil, seolfaidh sé ceistneoirí chuig táirgeoirí onnmhairiúcháin Ghrúpa Meihua. Iarrtar ar tháirgeoirí onnmhairiúcháin Ghrúpa Meihua ceistneoir comhlánaithe a chur isteach laistigh de 37 lá ón dáta a fhoilseofar an Fógra seo in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*, mura sonraítear a mhalairt.

Tá cóipeanna den cheistneoir ar fáil sa chomhad atá le hiniúchadh ag na páirtithe leasmhara agus ar shuíomh gréasáin Ard-Stiúrthóireachta na Trádála https://trade.ec.europa.eu/tdi/case_details.cfm?id=2573.

Faoi réir fhorálacha an Fhógra seo, leis seo, iarrtar ar gach páirtí leasmhar a chuid tuairimí a chur in iúl, faisnéis a chur isteach, agus fianaise thacaíochta a sholáthar maidir le cur i bhfeidhm Airteagal 2(6a) den bhun-Rialachán. Mura sonraítear a mhalairt, ní mór an fhaisnéis agus an fhianaise thacaíochta sin a bheith faighte ag an gCoimisiún laistigh de 37 lá ó dháta foilsithe an Fhógra seo.

De bhun phointe (e) d'Airteagal 2(6a), go luath tar éis don Choimisiún an t-imscrúdú a thionscnamh, cuirfidh sé na páirtithe san imscrúdú ar an eolas faoi na foinsí ábhartha atá beartaithe aige a úsáid chun an gnáthluach i nDaon-Phoblacht na Síne a chinneadh de bhun Airteagal 2(6a) den bhun-Rialachán, rud a dhéanfaidh sé trí bhíthin nóta a ghabhann leis an gcomhad atá le hiniúchadh ag na páirtithe leasmhara. Cuimseoidh sé sin na foinsí uile, lena n-airítear, i gcás inarb iomchuí, roghnú tríú tír ionadaíoch iomchuí. Ón dáta a chuirfear an nóta sin leis an gcomhad sin, beidh 10 lá ag na páirtithe san imscrúdú chun barúlacha a chur isteach.

De réir na faisnéise atá ar fáil don Choimisiún d'fhéadfadh an Téalainn a bheith ina tríú tír ionadaíoch do Dhaon-Phoblacht na Síne sa chás seo. Agus é d'aidhm ag an gCoimisiún gurb í an tríú tír ionadaíoch iomchuí a roghnóidh sé faoi dheireadh, déanfaidh sé scrúdú féachaint an ann do thíortha le leibhéal forbartha eacnamaíche atá comhchosúil leis an leibhéal atá i nDaon-Phoblacht na Síne, tíortha inarb ann do tháirgeadh agus díolachán an táirge atá faoi athbhreithniú, agus a bhfuil sonraí ábhartha ar fáil go héasca iontu. I gcás inar mó ná tír amháin den chineál sin atá ann, tabharfar tús áite, i gcás inarb iomchuí, do thíortha ar leordhóthanach leibhéal na cosanta sóisialta agus comhshaoil atá iontu.

([4]) Maidir le hiarmhairtí ráig COVID-19 ar imscrúduithe frithdhumpála agus frith-fhóirdheontais (IO C 86, 16.3.2020, lch. 6).

Maidir leis na foinsí ábhartha, iarrann an Coimisiún ar tháirgeoirí onnmhairiúcháin Ghrúpa Meihua i nDaon-Phoblacht na Síne an fhaisnéis arna hiarraidh san Iarscríbhinn a ghabhann leis an bhFógra seo a sholáthar laistigh de 15 lá ó dháta foilsithe an Fhógra seo.

Ina theannta sin, aon fhaisnéis fhíorasach chun costais agus praghsanna a luacháil a chuirtear isteach de bhun phointe (a) d'Airteagal 2 (6a) den bhun-Rialachán, ní mór í a chomhdú laistigh de 65 lá ó dháta foilsithe an Fhógra seo. Ba cheart an fhaisnéis fhíorasach sin a thógáil ó fhoinsí atá ar fáil go poiblí agus ó na foinsí sin amháin.

An fhaisnéis a mheasann an Coimisiún a bheith riachtanach le haghaidh a imscrúdaithe i ndáil le saobhadh suntasach de réir bhrí phointe (b) d'Airteagal 2(6a) den bhun-Rialachán, chun an fhaisnéis sin a fháil, seolfaidh an Coimisiún ceistneoir chuig Rialtas Dhaon-Phoblacht na Síne freisin.

4.3. ***Aighneachtaí i scríbhinn***

Faoi réir fhorálacha an Fhógra seo, leis seo, iarrtar ar gach páirtí leasmhar a chuid tuairimí a chur in iúl, faisnéis a chur isteach, agus fianaise thacaíochta a sholáthar maidir lena oiriúnaí atá sé foirm na mbeart a athrú. Mura sonraítear a mhalairt, ní mór an fhaisnéis agus an fhianaise thacaíochta sin a bheith faighte ag an gCoimisiún laistigh de 20 lá ó dháta foilsithe an Fhógra seo in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

4.4. ***Páirtithe leasmhara***

Chun bheith rannpháirteach san imscrúdú, ní mór do pháirtithe leasmhara, amhail táirgeoirí onnmhairiúcháin, táirgeoirí de chuid an Aontais, allmhaireoirí agus a gcomhlachais ionadaíocha, úsáideoirí agus a gcomhlachais ionadaíocha, ceardchumainn agus eagraíochtaí tomhaltóirí ionadaíocha, ní mór dóibh a léiriú i dtús báire gur ann do nasc oibiachtúil idir a gcuid gníomhaíochtaí agus an táirge faoi athbhreithniú.

A bheith measta mar pháirtí leasmhar, is rud é sin atá gan dochar do chur i bhfeidhm Airteagal 18 den bhun-Rialachán.

An comhad atá ar fáil lena iniúchadh ag páirtithe leasmhara, faightear rochtain air trí Tron.tdi ag an seoladh seo a leanas: https://webgate.ec.europa.eu/tron/TDI. Lean na treoracha ar an leathanach sin chun rochtain a fháil.

4.5. ***An deis éisteacht a fháil os comhair seirbhísí imscrúdúcháin an Choimisiúin***

Féadfaidh gach páirtí leasmhar éisteacht os comhair seirbhísí imscrúdúcháin an Choimisiúin a iarraidh.

Aon iarraidh ar éisteacht, ní mór í a dhéanamh i scríbhinn agus ní mór na cúiseanna atá leis an iarraidh a shonrú inti, chomh maith le hachoimre ar an méid is mian leis an bpáirtí leasmhar a phlé le linn na héisteachta. Beidh an éisteacht teoranta ionas gurb iad na ceisteanna a bheidh leagtha amach i scríbhinn roimh ré ag na páirtithe leasmhara, agus iad sin amháin, a bheidh faoi chaibidil.

Ag céim na dtorthaí cinntitheacha, ba cheart iarraidh a dhéanamh laistigh de 3 lá ó dháta an nochta deiridh, agus is le linn na tréimhse a dheonófar maidir le barúlacha a thabhairt faoin nochtadh deiridh a reáchtálfar an éisteacht de ghnáth. Más ann do nochtadh deiridh breise, ba cheart iarraidh a dhéanamh láithreach a luaithe a gheofar an nochtadh deiridh breise sin, agus reáchtálfar an éisteacht roimh an sprioc-am i ndáil le barúlacha a thabhairt maidir leis an nochtadh sin.

Tá an tréimhse ama a leagtar amach gan dochar do cheart sheirbhísí an Choimisiúin glacadh le héisteachtaí lasmuigh den tréimhse ama i gcásanna cuí-réasúnaithe, agus do cheart an Choimisiúin diúltú d'éisteacht i gcásanna cuí-réasúnaithe. I gcás ina ndiúltaíonn seirbhísí an Choimisiúin iarraidh ar éisteacht, cuirfear an páirtí lena mbaineann ar an eolas faoi na cúiseanna atá leis an diúltú sin.

I bprionsabal, ní bhainfear úsáid as éisteachtaí chun faisnéis fhíorasach nach bhfuil ar comhad fós a thabhairt. Mar sin féin, ar mhaithe le dea-riarachán agus chun é a chur ar a gcumas do sheirbhísí an Choimisiúin dul chun cinn a dhéanamh leis an imscrúdú, feadfar ordú a thabhairt do pháirtithe leasmhara faisnéis fhíorasach nua a sholáthar tar éis éisteachta.

4.6. ***Treoracha le haghaidh aighneachtaí i scríbhinn a dhéanamh, agus le haghaidh ceistneoirí comhlánaithe agus comhfhreagras a sheoladh***

Maidir le faisnéis a chuirfear faoi bhráid an Choimisiúin chun críoch imscrúduithe cosanta trádála, beidh an fhaisnéis sin saor ó chóipchirt. Ní mór do pháirtithe leasmhara, sula ndéanfaidh siad faisnéis agus/nó sonraí atá faoi réir cóipchearta tríú páirtí a chur faoi bhráid an Choimisiúin, cead a iarraidh go sonrach ar shealbhóir an chóipchirt, cead lena gceadaítear go sainráite don Choimisiún a) an fhaisnéis agus na sonraí a úsáid chun críoch an nós imeachta cosanta trádála seo agus b) an fhaisnéis agus/nó na sonraí a sholáthar do pháirtithe leasmhara san imscrúdú seo i bhfoirm a fhágfaidh go mbeidh na páirtithe sin in ann a gcearta chun cosanta a fheidhmiú.

Gach aighneacht i scríbhinn, lena n-áirítear an fhaisnéis a iarrtar san Fhógra seo, ceistneoirí comhlánaithe agus comhfhreagras arna chur ar fáil ag páirtithe leasmhara a n-iarrtar gur i modh rúin a chaithfí leo, cuirfear an lipéad "Íogair" ([5]) orthu. Páirtithe a chuireann faisnéis isteach le linn an imscrúdaithe seo, iarrtar orthu cúis a thabhairt lena n-iarraidh go gcaithfí i modh rúin leo.

Ní mór do pháirtithe a sholáthraíonn faisnéis "Íogair" achoimrí neamhrúnda uirthi a chur ar fáil de bhun Airteagal 19(2) den bhun-Rialachán, achoimrí a gcuirfear an lipéad seo a leanas orthu "Le hiniúchadh ag páirtithe leasmhara". Ba cheart na hachoimrí sin a bheith mionsonraithe a ndóthain le go bhféadfar bunús na faisnéise a cuireadh isteach faoi rún a thuiscint go réasúnta.

Mura féidir leis an bpáirtí a sholáthraíonn faisnéis rúnda cúis mhaith a thabhairt lena iarraidh gur i modh rúin a chaithfí léi, nó mura dtugann sé achoimre neamhrúnda ar an bhfaisnéis sin san fhormáid agus sa cháilíocht a iarradh, féadfaidh an Coimisiún neamhaird a thabhairt ar an bhfaisnéis sin mura féidir a thaispeáint go sásúil de réir foinsí iomchuí go bhfuil an fhaisnéis ceart.

Gach aighneacht agus gach iarraidh, lena n-áirítear cumhachtaí aturnae agus bileoga deimhniúcháin scanta, iarrtar ar pháirtithe leasmhara iad a dhéanamh trí TRON.tdi (https://webgate.ec.europa.eu/tron/TDI). Trí úsáid a bhaint as TRON.tdi nó ríomhphost, cuireann páirtithe leasmhara in iúl go n-aontaíonn siad leis na rialacha is infheidhme maidir le haighneachtaí leictreonacha atá sa doiciméad "COMHFHREAGRAS LEIS AN gCOIMISIÚN EORPACH I gCÁSANNA COSANTA TRÁDÁLA", doiciméad atá foilsithe ar shuíomh gréasáin Ard-Stiúrthóireacht na Trádála: http://trade.ec.europa.eu/doclib/docs/2011/june/tradoc_148003.pdf. Ní mór do na páirtithe leasmhara a n-ainm, a seoladh, a n-uimhir theileafóin agus seoladh ríomhphoist bailí a thabhairt, agus ba cheart dóibh a áirithiú gur ríomhphost oifigiúil feidhmiúil gnó é an seoladh ríomhphoist a chuirtear ar fáil, seoladh a sheiceáiltear ar bhonn laethúil. Agus sonraí teagmhála curtha ar fáil, ní dhéanfaidh an Coimisiún cumarsáid le páirtithe leasmhara ach amháin trí TRON.tdi nó trí ríomhphost, mura mbeidh sé iarrtha acu go sainráiteach na doiciméid uile a fháil ón gCoimisiún trí mheán eile cumarsáide , nó murab é post cláraithe is gá a úsáid mar gheall ar chineál an doiciméid atá le seoladh. Le haghaidh tuilleadh rialacha agus faisnéise a fháil maidir le comhfhreagras leis an gCoimisiún, lena n-áirítear prionsabail a bhaineann le haighneachtaí trí TRON.tdi nó trí ríomhphost, ba cheart do pháirtithe leasmhara féachaint ar na treoracha dá dtagraítear thuas maidir le cumarsáid le páirtithe leasmhara.

Seoladh an Choimisiúin le haghaidh comhfhreagrais:

An Coimisiún Eorpach
Ard-Stiúrthóireacht na Trádála
Stiúrthóireacht G
Oifig: Oifig: CHAR 04/039
1049 An Bhruiséil
BELGIQUE/BELGIË

Ríomhphost: TRADE-R757-MSG@ec.europa.eu

5. **Sceideal an imscrúdaithe**

De ghnáth, tabharfar an t-imscrúdú i gcrích laistigh de 12 mhí, agus in aon chás tabharfar i gcrích é tráth nach déanaí ná 15 mhí ó dháta foilsithe an Fhógra seo, de bhun Airteagal 11(5) den bhun-Rialachán frith-dhumpála.

6. **An deis barúlacha a thabhairt maidir le haighneachtaí páirtithe eile**

Chun cearta na cosanta a ráthú, ba cheart an deis a bheith ag páirtithe leasmhara barúlacha a thabhairt maidir le faisnéis a chuir páirtithe leasmhara eile isteach. Agus sin á dhéanamh acu, ní fhéadfaidh páirtithe leasmhara aghaidh a thabhairt ach ar na saincheisteanna a ardaítear in aighneachtaí na bpáirtithe leasmhara eile agus ní fhéadfaidh siad saincheisteanna nua a tharraingt anuas.

Barúlacha maidir leis an bhfaisnéis a sholáthair páirtithe leasmhara eile mar fhreagairt ar nochtadh na dtorthaí cinntitheacha, ba cheart na barúlacha sin a chur isteach laistigh de 3 lá ón sprioc-am chun barúlacha a thabhairt maidir leis na torthaí cinntitheacha, mura sonraítear a mhalairt. Más ann do nochtadh deiridh breise, barúlacha maidir leis an bhfaisnéis a sholáthair páirtithe leasmhara eile mar fhreagairt ar an nochtadh sin, ba cheart na barúlacha sin a chur isteach laistigh de 1 lá ón sprioc-am chun barúil a thabhairt maidir leis an nochtadh sin, mura sonraítear a mhalairt.

D'fhonn an t-imscrúdú a thabhairt chun críche laistigh de na spriocdhátaí éigeantacha, ní ghlacfaidh an Coimisiún le haighneachtaí ó pháirtithe leasmhara tar éis an spriocdháta chun barúlacha a thabhairt maidir leis an nochtadh deiridh.

([5]) Is doiciméad *"Íogair"* doiciméad a meastar é a bheith rúnda de bhun Airteagal 19 den bhun-Rialachán agus Airteagal 6 de Chomhaontú EDT maidir le cur chun feidhme Airteagal VI de GATT 1994 (An Comhaontú Frithdhumpála). Is doiciméad é freisin atá cosanta de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 1049/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 145, 31.5.2001, lch. 43).

7. **Síneadh a chur leis na teorainneacha ama a shonraítear san Fhógra seo**

Níor cheart aon síneadh maidir leis na teorainneacha ama dá bhforáiltear san Fhógra seo a iarraidh ach amháin i gcás imthosca eisceachtúla, agus ní dhéanfar síneadh a dheonú ach amháin má bhíonn údar cuí leis agus cúis mhaith léirithe.

I gcás ar bith, aon síneadh a chuirfear leis an sprioc-am chun freagra a thabhairt ar cheistneoirí, beidh teorainn 3 lá leis de ghnáth , agus mar riail ghinearálta ní rachaidh sé thar 7 lá.

Maidir le teorainneacha ama i ndáil le faisnéis eile seachas an fhaisnéis a shonraítear san Fhógra Tionscnaimh a chur isteach, ní rachaidh aon síneadh ama thar 3 lá, mura léirítear gur ann d'imthosca eisceachtúla.

8. **Neamh-chomhoibriú**

Má dhiúltaíonn aon pháirtí leasmhar rochtain a thabhairt ar an bhfaisnéis is gá nó mura gcuireann sé an fhaisnéis sin ar fáil laistigh de na teorainneacha ama, nó má chuireann sé bac suntasach ar an imscrúdú, féadfar torthaí deimhneacha nó diúltacha a thabhairt ar bhonn na bhfíoras atá ar fáil i gcomhréir le hAirteagal 18 den bhun-Rialachán.

I gcás inar léir gur sholáthair páirtí leasmhar faisnéis bhréagach nó mhíthreorach, féadfar neamhaird a thabhairt ar an bhfaisnéis sin agus féadfar úsáid a bhaint as na fíorais atá ar fáil.

Mura gcomhoibríonn páirtí leasmhar nó mura gcomhoibríonn sé ach i bpáirt agus, dá bhrí sin, má tá na torthaí bunaithe ar fhíorais atá ar fáil i gcomhréir le hAirteagal 18 den bhun-Rialachán, d'fhéadfadh sé nach mbeadh an toradh chomh fabhrach céanna don pháirtí sin agus a bheadh dá mbeadh comhoibriú déanta aige.

Ní mheasfar gur neamh-chomhoibriú é mainneachtain freagra leictreonach a thabhairt, ar choinníoll go léiríonn an páirtí leasmhar go mbeadh ualach breise nó costas breise mí-réasúnach ann dá dtabharfaí freagra ar an mbealach a iarradh é. Ba cheart don pháirtí leasmhar sin teagmháil a dhéanamh leis an gCoimisiún láithreach.

9. **Oifigeach Éisteachta**

Féadfaidh páirtithe leasmhara idirghabháil an Oifigigh Éisteachta a iarraidh i dtaca le himeachtaí trádála. Déanann an tOifigeach Éisteachta athbhreithniú ar iarrataí ar rochtain ar an gcomhad, ar dhíospóidí maidir le rúndacht doiciméad, ar iarrataí ar shíneadh teorainneacha ama agus ar aon iarraidh eile a d'fhéadfadh teacht chun cinn le linn an imeachta a mbeadh baint aici le cearta cosanta páirtithe leasmhara agus tríú páirtithe.

Féadfaidh an tOifigeach Éisteachta éisteachtaí a eagrú agus idirghabháil a dhéanamh idir an páirtí nó na páirtithe leasmhara agus seirbhísí an Choimisiúin chun a áirithiú go bhfuil cearta cosanta na bpáirtithe leasmhara á bhfeidhmiú ina n-iomláine. Is i scríbhinn ba cheart iarraidh ar éisteacht leis an Oifigeach Éisteachta a dhéanamh agus ba cheart na cúiseanna atá leis an iarraidh a shonrú inti. Déanfaidh an tOifigeach Éisteachta scrúdú ar na cúiseanna atá leis na hiarrataí. Níor cheart na héisteachtaí sin a reáchtáil ach amháin murar réitíodh na saincheisteanna le seirbhísí an Choimisiúin in am trátha.

Iarrtar ar pháirtithe leasmhara cloí leis na tréimhsí ama a leagtar amach i mír 4.4 den Fhógra seo freisin a mhéid a bhaineann le déanamh idirghabhálacha, lena n-áirítear éisteachtaí, ag an Oifigeach Éisteachta. Ní mór aon iarraidh a chur isteach in am trátha agus go gasta ionas nach gcuirfear stiúradh ordúil na n-imeachtaí i mbaol. Chuige sin, ba cheart do na páirtithe leasmhara idirghabháil an Oifigigh Éisteachta a iarraidh a luaithe is féidir tar éis an teagmhais arb é is údar le hidirghabháil den sórt sin a bheith ann. Déanfaidh an tOifigeach Éisteachta scrúdú ar na cúiseanna atá le hiarrataí ar idirghabhálacha, ar chineál na saincheisteanna a tarraingíodh anuas agus ar thionchar na saincheisteanna sin ar chearta cosanta, rud a dhéanfaidh sé agus aird cuí á tabhairt aige ar leasanna an dea-riaracháin agus ar thabhairt chun críche tráthúil an imscrúdaithe.

Chun tuilleadh faisnéise agus sonraí teagmhála a fháil, féadfaidh páirtithe leasmhara féachaint ar leathanaigh ghréasáin an Oifigigh Éisteachta ar shuíomh gréasáin Ard-Stiúrthóireacht na Trádála: http://ec.europa.eu/trade/trade-policy-and-you/contacts/hearing-officer/.

10. **Sonraí pearsanta a phróiseáil**

Is i gcomhréir le Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([6]) a chaithfear le sonraí pearsanta ar bith a bhaileofar san imscrúdú seo.

Tá fógra cosanta sonraí ar fáil ar shuíomh gréasáin Ard-Stiúrthóireacht na Trádála, fógra a chuireann gach duine aonair ar an eolas faoi phróiseáil sonraí pearsanta faoi chuimsiú ghníomhaíochtaí cosanta trádála an Choimisiúin: http://trade.ec.europa.eu/doclib/html/157639.htm.

([6]) Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2018 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil ag institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 agus Cinneadh Uimh. 1247/2002/CE, IO L 295, 21.11.2018, lch. 39.

IARSCRÍBHINN

☐	Leagan íogair ([1])
☐	Leagan atá le hiniúchadh ag páirtithe leasmhara
(cuir tic sa bhosca iomchuí)	

IMEACHTAÍ FRITHDHUMPÁLA I NDÁIL LE HALLMHAIRÍ DE GHLÚTAMÁIT MHONASÓIDIAM DE THIONSCNAMH DHAON-PHOBLACHT NA SÍNE

IARRAIDH AR FHAISNÉIS MAIDIR LEIS NA HIONCHUIR A ÚSÁIDEANN TÁIRGEOIRÍ ONNMHAIRIÚCHÁIN I NGRÚPA MEIHUA

Tá an fhoirm seo ceaptha le cuidiú le táirgeoirí onnmhairiúcháin i nGrúpa Meihua agus freagra á thabhairt acu ar an iarraidh ar fhaisnéis ionchuir a dhéantar i bpointe 4.2 den fhógra tionscnaimh.

Ba cheart an leagan *Íogair* agus an leagan *Le hiniúchadh ag páirtithe leasmhara* a chur ar ais chuig an gCoimisiún mar a leagtar amach san fhógra tionscnaimh.

An fhaisnéis a iarradh, ba cheart í a chur ar ais chuig an gCoimisiún ag an seoladh a shonraítear san fhógra tionscnaimh laistigh de 10 lá ó dháta foilsithe an nóta seo a ghabhann leis an gcomhad.

1. SONRAÍ CÉANNACHTA AGUS TEAGMHÁLA

Cuir na sonraí seo a leanas ar fáil maidir le do chuideachta:

Ainm na cuideachta	
Seoladh	
Teagmhálaí	
Seoladh ríomhphoist	
Teileafón	
Facs	

2. FAISNÉIS MAIDIR LEIS NA HIONCHUIR A ÚSÁIDEANN DO CHUIDEACHTA AGUS CUIDEACHTAÍ GAOLMHARA

Tabhair tuairisc ghairid ar an bpróiseas táirgthe a bhaineann leis an táirge atá faoi athbhreithniú.

Liostaigh na hábhair (amhábhair agus ábhair phróiseáilte) uile agus an fuinneamh a úsáidtear chun an táirge atá faoi athbhreithniú a tháirgeadh, mar aon leis na seachtháirgí agus an dramhaíl ar fad a dhíoltar nó a chuirtear (ar ais) isteach i bpróiseas táirgthe an táirge atá faoi athbhreithniú. I gcás inarb iomchuí, tabhair cód aicmithe an Chórais Chomhchuibhithe (CC) ([2]) maidir le gach ítim faoi seach a cuireadh isteach sa dá thábla. Líon isteach Iarscríbhinn ar leithligh maidir le gach ceann de na cuideachtaí gaolmhara a tháirgeann an táirge atá faoi athbhreithniú i gcás nach ionann an próiseas táirgthe dóibh. Cuideachtaí gaolmhara atá rannpháirteach i monarú na n-ionchur réamhtheachtach a úsáidtear i dtáirgeadh na táirge faoi athbhreithniú, déanfaidh na cuideachtaí sin Iarscríbhinn ar leithligh a líonadh isteach agus an t-ionchur arna sholáthar nó na hionchuir arna soláthar a aithint.

([1]) Is d'úsáid inmheánach amháin an doiciméad seo. Is doiciméad é freisin atá cosanta de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 1049/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 145, 31.5.2001, lch. 43). Is doiciméad rúnda é de bhun Airteagal 19 de Rialachán (AE) 2016/1036 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 8 Meitheamh 2016 maidir le cosaint i gcoinne allmhairí dumpáilte ó thíortha nach baill den Aontas Eorpach iad (IO L 176, 30.6.2016, lch 21), agus de bhun Airteagal 6 de Chomhaontú EDT maidir le cur chun feidhme Airteagal VI de GATT 1994 (An Comhaontú Frithdhumpála).

([2]) An Córas Comhchuibhithe um Thuairisciú agus um Chódú Tráchtearraí, córas ar a dtugtar "an Córas Comhchuibhithe" nó "CC" de ghnáth, is ainmníocht idirnáisiúnta ilfheidhmeach le haghaidh earraí é a d'fhorbair an Eagraíocht Dhomhanda Chustaim (EDC).

Amhábhair/fuinneamh	Cód CC
(Cuir isteach rónna breise i gcás inar gá)	

Seachtháirgí agus dramhaíl	Cód CC
(Cuir isteach rónna breise i gcás inar gá)	

Leis seo, dearbhaíonn an chuideachta gur cruinn an fhaisnéis a thugtar thuas ar feadh a heolais.

Síniú an oifigigh údaraithe:

Ainm agus teideal an oifigigh údaraithe:

Dáta